



# Tuarascáil Bhliantúil 2023



Comhairle Cathrach  
& Contae Phort Láirge  
Waterford City  
& County Council

## Ár Misean

Beidh Port Láirge, atá ina Príomhchathair san Oirdheisceart, ina áit bhríomhar inbhuanaithe dá muintir go léir a chónaíonn, a oibríonn nó a thugann cuairt ar an áit, nó dóibh siúd a dhéanann infheistíocht anseo.

## Ár bhFís

Go mbeidh Port Láirge uailmhianach, forásach agus nasctha, áit a mbaineann ár ndaoine go léir taitneamh as an saol, agus folláine an duine agus deiseanna ina chroílár.

Go mbeidh teacht ag muintir Phort Láirge ar údarás áitiúil atá freagrach, gairmiúil agus atá dírithe ar dhaoine agus atá ceangailte ar leibhéal straitéiseach leis an tseirbhís phoiblí i gcoitinne.

Go mbeidh Port Láirge agus an tOirdheisceart i suíomh oiriúnach chun ceannaireacht a dhéanamh maidir le forbairt gnó, fás eacnamaíoch agus barr feabhais oideachais.

Go dtabharfaidh Port Láirge cáilíocht saoil uathúil do chách agus go mbeidh áiseanna den scoth agus tírdhreach nádúrtha agus radharcra gan mhilleadh. Is ceann scríbe aitheanta turasóireachta í a thugann ómós dá oidhreacht chultúrtha agus stairiúil mar an Chathair is sine in Éirinn.

# Réamhfhocal ón Méara

**‘Agus 2024 ag druidim linn, an bhliain dheireanach dár bPlean Corparáideach 2019-2024, is iontach an rud é féachaint siar ar an méid dul chun cinn suntasach a rinneadh in 2023.’**

Mar Mhéara Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2023 a chur i láthair. Agus 2024 ag druidim linn, an bhliain dheireanach dár bPlean Corparáideach 2019-2024, is iontach an rud é féachaint siar ar an méid dul chun cinn suntasach a rinneadh in 2023.

Chuir muintir Phort Láirge, foireann Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, an earnáil reachtúil, chultúrtha, phobail agus dheonach níos leithne, agus na hionadaithe tofa fáilte roimh 2023. Chonacthas crainn tógála ar spéirlíne Phort Láirge nuair a cuireadh tús le hoibreacha ar na Céanna ó Thuaidh, fógraíodh Port Láirge mar Chathair Eorpach na Nollag 2024, leanamar leis an obair chun Port Láirge a dhícharbónú, agus chonaiceamar an bheocht a chuir féilte agus mórshiúlta ar bun sa chontae.

Chuireamar fáilte roimh go leor éachtaí spóirt; bhí na tránna áille lán le daoine sásta ar laethanta gríamhara agus treisíodh muintearas Phort Láirge trí na scéimeanna éagsúla a sheol Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus trí thionscnaimh as straitéis Éire Shláintiúil.

Is mian liom buíochas a ghabháil le Michael Walsh, Príomhfheidhmeannach, agus lena Foireann Bainistíochta, le foireann uile Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge agus le mo chomhghleacaithe na Comhairleoirí agus na comhaltaí Oireachtais as a gcuid oibre crua leanúnaí le bliain anuas.

Daoine fáilte iad muintir Phort Láirge a bhfuil an muintearas go smior iontu, agus táim ag súil lena fháil amach cad é atá romhainn i 2024.



**An Comhairleoir Joe Conway**  
Méara Chomhairle Cathrach agus  
Contae Phort Láirge

# Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach

**‘Fearaim fáilte roimh 2024 agus creidim gur bhliain thar a bheith dearfach do Phort Láirge a bheidh inti. Tá súil agam go léireofar arís trí fhorbairtí na bliana seo an fáth gur vótáladh Port Láirge mar ‘An Áit is Fearr in Éirinn le Cónaí Ann’**

Ag féachaint siar ar 2023, tá bród orm an méid a bhainamar amach mar chomhairle agus mar chontae a fheiceáil.

Cuireadh tús leis an tógáil ag na Céanna ó Thuaidh agus críochnaíodh an síneadh ó Rian Glas na nDéise chuig Carraig na bhFraochán – dhá éacht iontacha i dtreo ár bPlean Corparáideach 2019-2024 a bhaint amach.

Seoladh Clár Pobail nua um Ghníomhú ar son na hAeráide a bhfuil d’aidhm aige tacú le pobail thuaithe agus uirbeacha, idir beag agus mór, chun gníomhú ar son na haeráide ar an leibhéal áitiúil, agus deiseanna a thabhairt do na pobail sin cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh agus a n-aistriú chuig pobal ísealcharbóin agus inbhuanaithe a mhúnlú.

Mar chuid de chuspóir Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge chun Port Láirge atá neodrach ó thaobh carbóin de a bhaint amach faoi 2040, thugamar isteach an Scéim Lascaine Fuinnimh Rátaí Tráchtála arís chun a chur ar a gcumas do ghnólaigh agus do sholáthróirí seirbhísí aistriú chuig bheith neodrach ó thaobh carbóin agus tacú leo, tar éis gur éirí chomh maith leis an scéim sna blianta roimhe seo.

Fearaim fáilte roimh 2024 agus creidim gur bhliain thar a bheith dearfach do Phort Láirge a bheidh inti. Tá súil agam go léireofar arís trí fhorbairtí na bliana seo an fáth gur vótáladh Port Láirge mar ‘An Áit is Fearr in Éirinn le Cónaí Ann’.

Táim ag súil le bheith ag obair leis an bpobal, le m’Fhoireann Bainistíochta agus le foireann uile na heagraíochta ar na tionscnaimh inbhuanaitheachta atá beartaithe againn agus táim an-tógtha leis an bhféidearthacht d’áit inbhuanaithe a dhéanamh de Chathair agus de Chontae Phort Láirge do na daoine ar mian leo cónaí, oibriú nó infheistiú anseo nó cuairt a thabhairt orainn.



**An tUas. Michael Walsh**  
Comhairle Cathrach agus Contae  
Phort Láirge  
Príomhfheidhmeannach

# CLÁR ÁBHAR

<b>Forléargas</b>	<b>2</b>
.....	
Maidir le do Chomhairle	3
.....	
Príomhréimsí Seirbhíse	3
.....	
Cruinnithe Comhairle	4
.....	
Coiste um Beartas Straitéiseach (CBS)	4
.....	
Sracfhéachaint ar na Féilte	6
.....	
<b>Dul Chun Cinn arPhlean Corparáideach 2019 - 2024</b>	<b>8</b>
.....	
Port Láirge mar spreagadh do gheilleagar réigiún an Oirdheiscirt	9
.....	
Cothromaíocht a bhaint amach idir Forbairt Thuaithe agus Uirbeach	11
.....	
Cultúr fáis a chothú	12
.....	
Daoine agus Pobail	14
.....	
Bunsraith Láidir	18
.....	
<b>Grianghraif ó 2023</b>	<b>20</b>
.....	
<b>Aguisíní</b>	<b>24</b>
.....	



# 1 Forléargas

## 1.1 Maidir le do Chomhairle

Tháinig Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge ar an bhfód in 2014, tar éis de chónascadh a dhéanamh idir Comhairle Cathrach Phort Láirge agus Comhairle Contae Phort Láirge. Roinneann Corcaigh, Cill Chainnigh, Tiobraid Árann agus Loch Garman teorainn le Contae Phort Láirge, agus is í Cathair Phort Láirge an príomhchathair agus an spreagadh do gheilleagar réigiún Oirdheiscirt na hÉireann, an 6ú réigiún is tapúla fáis san Aontas Eorpach. Daonra de 127,363 atá sa chontae.

Tá an Chomhairle comhdhéanta de 32 ionadaí tofa i 6 thoghcheantar. Is iad na comhaltaí a thoghan an Méara gach bliain. I gcomhar leis an nGrúpa um Beartas Corparáideach (GBC), déanann 5 Choiste um Beartas Straitéiseach (CBS) beartais a fhorbairt agus a mholadh don Chomhairle. Tá na Coistí comhdhéanta de na hearnálacha gnó, feirmeoireachta, pobail agus ceardchumann.



Cór Bhealtaine

## 1.2 Príomhréimsí Seirbhíse

Tá struchtúr bainistíochta Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge deighilte ina 5 stiúirthóireacht, agus tá Stiúirthóir Seirbhíse ag gach ceann. Is é an Príomhfheidhmeannach, an tUas. Michael Walsh, a stiúirann an Fhoireann Bainistíochta.

### Forbairt Eacnamaíoch

- Forbairt eacnamaíoch agus infheistíocht sa chontae a chur chun cinn
- Forbairt agus tacaíochtaí frontar
- Bainistíocht sócmhainní
- Cumarsáid agus margaíocht
- An contae a chur chun cinn agus forbairt turasóireachta

### Seirbhíse Tithíochta, Pobail agus Éigeandála

- Clár tithíochta sóisialta
- Leithdháiltí, cothabháil agus athchóiriú tithíochta
- Seirbhíse sóisialta, bainistíocht eastát agus forbairt pobail
- Tionscnaimh um aoisbhá agus ionchuimsiú sóisialta
- Cláir spóirt agus tionscnaimh sláinte agus folláine
- Cláir áitiúla agus forbartha pobail
- Caidreamh leis an bpobal trí Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí (LRP)

### Seirbhíse Pleanála, Corparáideacha, Cultúir, AD agus CF

- Cruinnithe na Comhairle Cathrach agus Contae agus na CPSanna a fheidhmiú go rathúil
- Fáiltithe cathartha agus méara a eagrú
- Seirbhíse do Chustaiméirí
- Forlónadh ar Chlár na dToghthóirí a fhoilsiú
- Scéim na Gaeilge a chur i bhfeidhm go leanúnach
- Acmhainní Daonna agus Oilíúint
- Seirbhíse Faisnéise
- Seirbhíse Leabharlainne, an Oifig Ealaíon & bonneagar cultúir
- Foráil a dhéanamh do phleanáil cheart agus d'fhorbairt inbhuanaithe an chontae
- Pobail agus frontar inbhuanaithe a chur chun cinn agus a éascú

### Bóithre, Uisce agus Comhshaol

- Truailliú Aeir, Tránna, Salú ag Madraí
- Bruscar, Truailliú ó Thorann, Scoileanna agus Feasacht
- Páirceanna agus spásanna oscailte
- Bóithre agus Páirceáil
- Seirbhíse Tréidliachta
- Biúró Fuinnimh Phort Láirge
- Athrú Aeráide
- Bainistíocht Dramhaíola

### Airgeadas agus Bainistíocht Costas


- Acmhainní airgeadais na Comhairle a bhainistiú
- Iasachtaí agus léasanna a éascú, agus infheistíocht cistí a rialú
- Deontais agus fóirdheontais faoi scéimeanna maoinithe éagsúla a riar
- Ráitis airgeadais, buiséid, ráitis etc. a ullmhú
- Rátaí tráchtála, etc. a riar

### 1.3 Cruinnithe Comhairle

Tionóladh 58 gcrúinníú, lenar áiríodh cruinnithe lomlánaíoch Comhairle, Coistí na Limistéar Cathrach, Toghcheantar an Chomaraigh, Ceantar Dhún Garbhán- an Leasa Mhóir, Grúpa um Beartas Corparáideach (GBC) agus Coistí Ceantair:

#### An Chomhairle lomlánaíoch

- 11 Chruinníú lomlánaíoch Comhairle
- 7 gCruinníú Speisialta
- 16 Cheardlann Chomhairleoirí



#### An Chomhairle Chathrach

- 12 Chruinníú den Chomhairle Chathrach
- 2 Chruinníú Speisialta
- 16 Cheardlann Chomhairleoirí

#### Comhairle an Chomaraigh

- 10 gcrúinníú de Chomhairle an Chomaraigh
- 2 Chruinníú Speisialta
- 8 gCeardlann Chomhairleoirí

#### Comhairle Dhún Garbhán/an Leasa Mhóir

- 11 chruinníú de Chomhairle Dhún Garbhán/an Leasa Mhóir
- 3 Chruinníú Speisialta
- 15 Cheardlann Chomhairleoirí

Ina theannta sin, tionóladh:

- 21 chruinníú de na 5 Coiste um Beartas Straitéiseach
- 6 chruinníú den Choiste Iniúchta
- 11 chruinníú den Ghrúpa um Beartas Corparáideach

### 1.4 Coiste um Beartas Straitéiseach (CBS)

#### CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch & Fiontar *Cathaoirleach: an Comhairleoir Pat Nugent*

Tháinig an CBS seo le chéile 4 huairé in 2023 chun breithníú a dhéanamh ar bheartais maidir le:

- Straitéis Eacnamaíochta Phort Láirge
- Corrthrádáil – Leasú ar na Fodhlíthe
- Straitéis Phort Láirge 2040
- Dréacht-bheartas faoin LECP
- Forbairt Eacnamaíoch Thuaithe
- An Beartas um Lár Bailte ar dTús
- Forbairt Turasóireachta
- Rinne na heagraíochtaí seo a leanas cur i láthair don CBS: SETU, Leader, Fáilte Ireland, Oifig Fiontair Áitiúil Phort Láirge, Calafort Phort Láirge
- Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge – Foireann um Fhorbairt Eacnamaíoch

#### CBS um an gComhshaoil, Bithéagsúlacht agus Gníomhú ar son na hAeráide

*Cathaoirleach: an Comhairleoir John Hearne (d'éirigh an Comhairleoir Pat Fitzgerald as bheith ina Chathaoirleach i Meitheamh 2023)*

Tháinig an CBS seo le chéile 5 huairé in 2023 chun breithníú a dhéanamh ar bheartais maidir le:

- Athrú Aeráide i meon na nÉireannach
- Ciste Pobail um Athrú Aeráide
- Plean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola le haghaidh Gheilleagar Ciorclach
- Muirearú Dreasaithe um Bailiú Dramhaíola san Earnáil Tráchtála
- Tionscadal Life Emerald um Monatóireacht a dhéanamh ar Thruailliú an Aeir
- Dréacht-Phlean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola le haghaidh Gheilleagar Ciorclach – Comhairliúchán Reachtúil
- Tuarascáil ar Thaighde i leith Seirbhísí Dramhaíola a chur faoi Chúram Údarás Cathrach arís i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide; réamh-chomhairliúchán
- Seachtain Náisiúnta um Athchúrsáil Bia
- Dréacht-Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide (réamh-dhearadh)
- Tuarascáil ón EPA faoi Íoschritéir Mholta le haghaidh Cigireachtaí Comhshaoil
- Comhairliúchán faoi Fhodhlíthe maidir le Torainn tugtha cothrom le dáta
- Comhairliúchán faoi Athrú Aeráide tugtha cothrom le dáta



## CBS Tithíochta

### *Cathaoirleach: an Comhairleoir Eamon Quinlan*

Tháinig an CBS seo le chéile 4 huairé in 2023 chun breithniú a dhéanamh ar bheartais maidir le:

- An Beartas um Leithdháiltí
- An Beartas um Iompraíocht Fhrithshóisialta
- An Oifig um Thithe Folmha
- An Beartas um Choigeartú Méide
- Tuarascáil ón nGrúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais
- Tithe Aonair faoin Tuath
- Plean Gníomhaíochta um Dhaoine Gan Dídean san Oirdheisceart 2023 – 2026
- Leabharlann Taistil
- Leabharlann Bréagán
- Leabharlann Rudáí Nithiúla
- Straitéis Aoisbhá
- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail



Tús á chur leis an Tionscadal um Bonneagar Poiblí ag na Céanna ó Thuaidh

## CBS Iompair & Bonneagair

### *Cathaoirleach: an Comhairleoir Tom Cronin*

Tháinig an CBS seo le chéile 3 huairé in 2023 chun breithniú a dhéanamh ar bheartais maidir le:

- Scéim Rothar na Cathrach
- Tionscadail um Thaisteal Gníomhach
- Iompar Inbhuanaithe – Feithiclí Leictreacha
- Fodhlíthe: Athbhreithniú ar Fhodhlíthe um Rialú ar Pháirceáil i nDún Garbhán/sa Lios Mór
- Páirceáil do Veaineanna Campála
- Nasc Áitiúil: Iompar Tuaithe agus Athruithe ar Bheartas
- Tuarascáil faoi Dhrochaimsir – Athbhreithnithe agus Nuashonruithe faoi Stoirmeacha
- Tionscadal an Údaráis Náisiúnta Iompair – BusConnects



Cruinniú le cónaitheoirí Shlí na Coille, Trá Mhór

## CBS Pleanála

### *Cathaoirleach: an Comhairleoir Thomas Phelan*

Tháinig an CBS seo le chéile 4 huairé in 2023 chun breithniú a dhéanamh ar bheartais maidir le:

- Cáin ar Thalamh Chríosaithe Cónaithe
- URDF – Dearóiliú agus Folúntas
- Scéim um Tharscaoileadh Ranníocaíochtaí Forbartha
- Tuarascáil Monatóireachta um Plean Forbartha
- Tosaíochtaí um Beartas Pleanála
- Athghiniúint agus Bainistiú Gníomhach Talún
- Straitéis Forbartha Tuaithe
- Athbhreithniú ar an bPlean Oidhreachta
- Daonáireamh 2022



Teach na hAbhann Móire, Cheapach Choinn tar éis athchóirithe

## 1.5 Sracfhéachaint ar na Féilte

An 7 Márta 1848, chroch Thomas Francis Meagher bratach na hÉireann den chéad uair ag 33 An Meal. Ceiliúradh an gníomh stairiúil sin i mí an Mhárta 2023, comóradh dhá chéad bliain ó rugadh Thomas Francis Meagher. Bhí an dath uaine ar fud An Mheal mar chomóradh 175 bhliain ó crochadh an brat den chéad uair.



Ceiliúradh 'Scoth Phort Láirge' Lá Fhéile Pádraig, le trí lá de cheol, siamsaíocht bheo agus traidisiún. An pharáid a bhí i gcoilár an cheiliúrtha an 17 Márta agus bhí neart ceol agus siamsaíochta ann ar feadh dhá lá ina dhiaidh sin.



Tionóladh Féile Bia Phort Láirge Thiar, an fhéile bia is mó in Éirinn san Earrach. Ba i sin an 14ú bliain den fhéile inar léiríodh réigiún álainn Phort Láirge Thiar agus an raon leathan bianna a tháirgtear ann. Tionóladh Féile Opera Ghleann na hAbhann Móire (BVOF), Opera Samhraidh na hÉireann, ar feadh ocht lá draíochtúla ón 29 Bealtaine go dtí an 5 Meitheamh. Clár éachtach a bhí ann de 21 imeacht ag 12 ionad áille. Ba é sin an 13ú bliain den fhéile, a mheall an tallann is fearr as Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

D'éirigh thar cionn leis an gcéad fhéile Bhróid i nDún Garbhán anuraidh agus bhí an fhéile níos mó agus níos fearr fós i mí an Mheithimh 2023. Mhair an fhéile an mhí ar fad agus bhí sí lán le taibhiú, scannáin agus seisiúin faisnéise, chomh maith le Mórshiúl Bróid agus Cóisir Chomharsan sa Cheathrú Cultúir.



Tionóladh Féile Fhiáin an Chomaraigh i mí Iúil agus bhí go leor imeachtaí spráíúla do theaghlach ann agus neart le déanamh agus le feiceáil dóibh siúd is spéis leo an saol amuigh faoin aer, ó ióga go bearradh caorach go taispeántais chócaireachta.

Tháinig taibheoirí, ealaíontóirí agus ceoltóirí ó gach cearn den domhan go sráideanna Phort Láirge deireadh seachtaine saoire bainc mhí Lúnasa le haghaidh Spraoi. Buaicphointe na féile a bhí i Mórshiúl Spraoi ina raibh na céadta taibheoirí faoi fheisteas agus flótaí iontacha ag dul trí shráideanna meánaoiseacha na cathrach san oíche, agus tinte ealaíne iontacha le feiceáil.



Maisíodh foirgnimh thréigthe le dathanna agus íomhánna bríomhara a buíochas le Ballaí Phort Láirge, chun an chathair a athbheochan agus tallann na n-ealaíontóirí cumasacha a léiriú.

Bhí ceol de gach cineál, ó bhannaí móra, func, rac-cheol agus eile, le cloisteáil gach deireadh seachtaine ag an bhféile An Samhradh sa Chathair, chomh maith le filíocht, amharclannaíocht, spraoi don teaghlach, rannpháirtíocht an phobail agus neart gáire sa chathair.

Ceiliúradh Féile an Fhómhair don 14ú bliain. Díríodh ar inbhuanaitheacht bia agus rinneadh an tÚll Éireannach a cheiliúradh. Léiríodh scoth an bhia agus an dí as Port Láirge ag Margadh Fómhair na Féile, ina raibh ceardaíocht agus taispeántais freisin.



Leis an bhféile Imagine Arts 2023, tugadh na réimsí cruthaitheachta as cuimse atá le fáil i gCathair Phort Láirge le chéile. Taispeánadh rogha léirithe ealaíonta bríomhara i ndisciplíní éagsúla ag an bhféile. An misean a bhí aici ná fíor-léiriú a thabhairt ar éagsúlacht chultúrtha Phort Láirge, eispéaras domhain agus saibhir a chinntiú d'ealaíontóirí agus don lucht féachana, agus Port Láirge a choimeád ag croílár na féile.

Ceiliúradh béaloideas, draíocht agus miotaseolaíocht na Samhna i bPort Láirge i mí Dheireadh Fómhair leis an mórshiúl 'Scáthanna', ina raibh flótaí fantaiseacha agus éifeachtaí speisialta scanrúla. Bhí an deireadh seachtaine lán le himeachtaí don teaghlach agus ceol beo.




Bhí clár lán ag Deireadh Seachtaine Scríbhneoirí Phort Láirge, de raon leathan, spéisiúil imeachtaí agus ceardlann do dhaoine de gach aois, a scríobhann i ngach seánra. Bhí an fhéile tiomanta do scríbhneoirí agus a gcuid léitheoirí.

Le titim na hoíche an 30 Samhain, d'iompaigh Cathair Phort Láirge ina ríocht soilse agus dathanna nuair a seoladh an tionscadal 'Cathair na Soilse' go hoifigiúil. Leis an tionscadal nuálach seo, soilsíodh foirgnimh tábhachtacha agus ballaí meánaoiseacha na cathrach ag 19 suíomh straitéiseacha, rud a chuaigh i bhfeidhm go mór ar mhuintir na cathrach agus ar chuirteoirí araon.



Bhí an fhéile Winterval ar ais don 11 bliain, agus í lán spraoi, taitneamhachtaí, ceardlann, margái bia agus ceardaíochta, agus imeachtaí eile. Éiríonn chomh maith sin leis an bhféile Nollag seo, an ceann is mó agus is mó tóir uirthi in Éirinn, go mbeidh sí ag croílár 'Port Láirge; Cathair Eorpach na Nollag 2024', teideal a bhronn giúiré idirnáisiúnta ar Phort Láirge d'aon ghuth.





## 2 Dul Chun Cinn ar Phlean Corparáideach 2019 - 2024

# Dul chun Cinn ar Phlean Corparáideach 2019-2024

I bPlean Corparáideach Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge (CCCPL) 2020 – 2024, sainithnítear cúig aidhm chorparáideacha ardléibhéil lena mbaineann cuspóirí agus straitéisí comhfhreagracha. Tugtar tuairisc sa chaibidil seo ar an dul chun cinn a rinneadh ar na cuspóirí agus straitéisí sin faoi gach téama.

## 2.1 Port Láirge mar spreagadh do gheilleagar réigiún an Oirdheiscirt

I mí na Samhna 2022 chuir CCCPL tús le conradh le BAM Civil Ltd chun oibreacha Bonneagair Phoiblí a dhéanamh ag na Céanna ó Thuaidh. Cuireadh tús leis na hoibreacha go luath in 2023 agus tá an dul chun cinn le brath ar láithreán na n-oibreacha: crainn tógála ar an spéirlíne agus bonneagar le feiceáil san abhainn agus ar feadh Bhóthar na nDuganna. Taobh amuigh den láithreán, tá an forstruchtúr cruach don droichead á dhéanamh sa Bheilg agus iomprófar é chuig Port Láirge in 2024. Tá dul chun cinn déanta ar chonarthaí d'oibreacha chun Stáisiún Caidéalúcháin ag Port an Chalaigh a athlonnú freisin. I mí Feabhra 2023, thug An Bord Pleanála cead pleanála do na oibreacha cosanta i gcoinne tuilte ar an taobh thiar de Stáisiún Phluincéid agus ceapadh sainchomhairleoirí chun an dearadh a chur chun cinn.

Tá an Chomhairle tiomanta do chothromaíocht a bhaint amach san fhorbairt i gCathair agus i gContae Phort Láirge trí fhorbairt ar na príomhionaid uirbeacha, Cathair Phort Láirge, Trá Mhór agus Dún Garbhán a spreagadh, agus beartaítear gurb iad Dún Mór, Port Lách, Lios Mór, Tulach an Iarainn, Coill Mhic Thomáisín, An Pasáiste agus Ceapach Choinn a bheidh ina bpríomh-spreagthóirí den fhás faoin tuath i gcónaí. Is é príomhchuspóir na Comhairle sa réimse seo ná ár bpríomhionaid uirbeacha a fhorbairt lena chinntiú go mbeidh siad ar fad bríomhar agus curtha i láthair ar bhealach maith, agus go mbeidh miondíol, gnó agus caighdeán na beatha chun tosaigh iontu.

Rinne an Fhoireann Tionscadal dul chun cinn ar roinnt tionscadal le hurraíocht ón gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach (URDF) chun aghaidh a thabhairt ar athghiniúint Lár na Cathrach. Tugadh obair chun críche ag 16-18 Plás Barker chun spás ealaíon/siamsaíochta a chur ar fáil ar Shráid Uí Chonaill, Plás Cheathrú Cultúir Phort Láirge. Saoráid do ghrúpaí

áitiúla é an spás seo chun ceardlanna, cruinnithe agus imeachtaí a thionóladh i gcroílár na Ceathrún Cultúir.

Thug tionscadal Ché na Paráide réamhobair agus próiseas comhairliúcháin leis an bpobal chun críche. Faoin tionscadal seo, déanfar athghiniúint ar ghné eile laistigh den Triantán Lochlannach chun árais chónaithe os cionn na spásanna tráchtála athchumraithe a chur ar fáil agus chun feabhas a chur ar an ríocht phoiblí trí Chearnóg na Mainistreach, agus bealaí coisithe a oscailt thart ar Eaglais na Liathbhráithre. Cuirfear tús le hoibreacha i lár 2024.

Tugadh an próiseas pleanála reachtúla chun críche don Tionscadal um Innealtóireacht Córas Chliste ar shuíomh iar-oifigí an Munster Express ar Shráid Hanover. Táthar ag céim an dhearaidh mhionsonraithe anois agus tá coinne leis go dtosódh oibreacha ar an suíomh go luath in 2025. Comhthionscadal spéisiúil é seo le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt agus tabharfaidh sé aonad taighde leibhéal a ceathair isteach go lár na cathrach. Beidh an tionscadal seo ina spreagadh mór chun Port Láirge a fhorbairt mar chathair chliste.

I gcomhar leis an bhFoireann Forbartha Tuaithe, agus le hurraíocht ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF), tá roinnt tionscadal á soláthar ar fud an chontae. I gCeapach Choinn, tá úsáid úr á tabhairt d'Óstán Moore atá tréigthe. Leis an tionscadal sin, soláthrófar teach cathrach cónaithe den scoth os cionn ionad tráchtála ar an bpríomhshráid. Cuirfear tús le hathchóiriú ar shé teach ar an bPríomhshráid agus ar Shráid Green sna seachtaine amach romhainn chun malairt rogha tithíochta i lár an bhaile a sholáthar.

Tá dul chun cinn déanta ar oibreacha chun an tionscnamh Lár Bailte ar dTús a fhorbairt i bPort Lách agus in Aird Mhór. Bunaíodh foirne baile nua agus foilsíodh dréacht-Phlean um Lár Bailte ar dTús.

Thug an Fhoireann Tionscadal roinnt tionscadal chun críche le bliain anuas, i gcomhar le Rannóga eile den Chomhairle. Osclaíodh Músaem Tórraimh na hÉireann ag Uimh. 3, 4 & 5 Cearnóg na hArdeaglaise, áit ar caomhnaíodh agus ar tugadh úsáid úr do chuid de na foirgnimh tí is sine in Éirinn. Tugadh athchóiriú ar Leabharlann Thrá Mhór chun críche leis an deontas cothabhála is airde a leithdháileadh sa tír. Is saoráid nua-aimseartha anois í ina bhfuil an tsamhail nua de leabharlann oscailte. Leis na hoibreacha sin ar an leabharlann, tugadh an chéad chéim de Thionscadal Athghiniúna Lár Bhaile Thrá Mhór chun críche.

## Bainistiú Talún agus Maoin Sealbhais

Déanann an Roinn um Bainistiú Maoin Sealbhais bainistiú ar thalamh agus ar mhaoin (seachas tithe údaráis áitiúil) ar leis an gComhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge iad. Áiríodh ar thionscadail ar feadh na stiúrtóireachtaí in 2023:


- Tugadh ordú ceannaigh éigeantaigh chun críche d'fhonn síneadh a chur ar an Rian Glas ó Charraig na bhFraochán go dtí Lár na Cathrach; ceannach talún ag Baile an Rodaigh, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge chun forbairtí bóthair a dhéanamh; ceannach talún ag Cnoc an Óir, Co. Phort Láirge chun feabhsúcháin chosáin a dhéanamh; agus lean an Stiúrtóireacht Bóithre, Iompair agus Bonneagair de theidil a thabhairt chun rialtacht ar charrchlóis na Comhairle ar fud an chontae
- Dul chun cinn ar dhiúscairt chuig HOPCAST chun na Céanna ó Thuaidh a fhorbairt; dul chun cinn ar thíolacadh don Mhol Iompair agus don Droichead do Choisithe; leanadh le héadálacha agus diúscairtí le haghaidh líonra nua bóithre, dílsúchán agus diúscairtí na dtailte faoi Ordú Ceannaigh Éigeantaigh le haghaidh cosanta i gcoinne tuilte.
  - Bainistiú ar éadálacha, léasanna, ligean gearrthéarmach ar cíós; seilbh ghlan a éascú do thionscadal URDF 2024
  - Oibriú leis an bhfoireann URDF chun maoin sealbhais ar an Triantán Lochlannach agus sa Cheathrú Cultúir a athfhorbairt; Club CLG Phort Lách a éadail; éadail ag Bóthar an Teampaill, An Baile Dubh
  - Leanadh le Clár Athghiniúna Cheapach Choinn; plean athghiniúna Airde Móire-éadail mholta, diúscairt agus Ordú Ceannaigh Éigeantaigh; Moil chianoibre sa chathair agus sa chontae don Fhorbairt Eacnamaíoch

- Tugann an Roinn um Bainistiú Maoin Sealbhais tacaíocht d'fhoireann Cheathrú Cultúir Phort Láirge ar chlár éadálacha agus diúscairta maoin sealbhais, trí Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh faoi chistí URDF uaireanta; agus tugann sí tacaíocht do thionscadail ealaíon bhliantúla trí léasanna agus ceadúnais a sholáthar le haghaidh Winterval, Spraoi agus féilte eile na Roinne Ealaíon agus Cultúir
- Éadail 116 theach agus 17 árasán le haghaidh Tithíocht Shóisialta, 4 ordú ceannaigh éigeantaigh agus 18 n-éadail cheannaigh éigeantaigh

## Pleanáil agus Oidhreacht

I measc na bpríomh-Thionscadal Oidhreachta a tugadh chun críche in 2023: leanadh leis an suirbhé ar láithreán na Lochlannach ag Baile na Coille. Thug Ambasadóir na hIorua cuairt ar an láithreán i mí na Bealtaine, mar ar thug Bord na Comhairle Oidhreachta i mí Iúil agus ionadaí ar Mhúsaem Ollscoil Stavanger i mí na Samhna. Tugadh an clár Deich mBlíana na gCuimhneachán, ar éirigh thar cionn leis, chun críche in 2023 le Comhdháil dar teideal Léargas ar na Cuimhneacháin i Halla na Cathrach i mí na Samhna. Reáchtáladh clár iomlán imeachtaí don tSeachtain Oidhreachta ar fud na cathrach agus an chontae agus cuireadh oiliúint ar fáil freisin.

Bhí na nithe a leanas faoi chúram na Rannóige um Bainistiú Gníomhach Talún in 2023: Láithreáin Tréigthe, Láithreáin Folmha, Ligean Gearrthéarmach, Tógáil i gCúram agus Glao 3 URDF. Tá an Rannóg tiomanta tacú le pobail trí cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh i leith tréigean agus folúntas i gCathair agus Contae Phort Láirge. Riar an fhoireann an maoiniú €9M a fuarthas faoi Ghlaos 3 URDF mar chuid de phlean 3 bliana chun dul i ngleic



Radharc ar chófradhambaí droichid

le folúntas agus tréigean fadtéarmach i gCathair Phort Láirge, Dún Garbhán agus Trá Mhór. Cuideoidh an maoiniú le croí uirbeach go leor dár gcuid pobal a athchóiriú agus a athrú agus chun tithe a chur ar fáil do dhaoine in áiteanna inbhuanaithe agus cur ar a gcumas dóibh maireachtáil gar do sheirbhísí agus conláistí áitiúla agus fostaíocht áitiúil.

Tar éis Plean Forbartha Chathair agus Chontae Phort Láirge 2022 a ghlacadh, ba é príomhfhócas na foirne réamhphleanála in 2023 ná tús a chur le cur chun feidhme chuspóirí beartais éagsúla an phlean forbartha, modheolaíocht GIS léarscáilbhunaithe a dhearadh agus a shocrú chun monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean forbartha agus na croístraitéise, agus tuairisciú ar an gcur chun feidhme sin chuig Oifig an Rialálaí Pleanála.

## 2.2 Cothromaíocht a bhaint amach idir Forbairt Thuaithe agus Uirbeach

In 2023, díriodh iarrachtaí Forbartha Tuaithe CCCPL ar thionscadail thosaíochta faoi roinnt córas maoinithe, go háirithe an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF), an Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte (TVRS) agus an Scéim um Bonneagar Áineasa Allamuigh (ORIS). Dhírigh an fhoireann um Lár Bailte ar dTús ar Phort Lách, áit a nochtadh Plean nua um Lár Bailte ar dTús as a thiocfaidh líon suntasach tionscadal athghiniúna. Cuireadh tús le próiseas comhchosúil le haghaidh Aire Móire agus tá an plan sin le seoladh go luath in 2024. Fuair an Chomhairle maoiniú ón gCiste um Oileán Comhroinnte freisin, rud a chuir ar a cumas di tionscadal athghiniúna tuaithe a chur i gcrích i nDún Mór agus i bPort Lách in éineacht le dhá bhaile chomhchosúla i lár agus in oirthear Aontroma.

Go dtí seo, tá tionscadail shuntasacha curtha i gcrích faoin gclár RRDF i nGairdíní Bhruachaille, i gCeapach Choinn agus i nDún Garbhán. Tá dul chun cinn le déanamh ar iarratais eile i leith Airde Móire, Phort Lách agus Dhún Mór freisin. Go dtí seo, tá os cionn €12 mhilliún i gciste RRDF faighte.

Is tionscnamh faoin bPlean Gníomhaíochta d'Fhorbairt Tuaithe é an **Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte** agus tá sí mar chuid de phacáiste beart tacaíochta náisiúnta agus áitiúla chun bailte agus sráidbhailte tuaithe ar fud na hÉireann a athnuachan trí Chlár Athghiniúna Tuaithe an Rialtais faoi Éire 2040 An Tionscadal. Ó bhí 2016 ann, tá rochtain déanta ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ar chiste deontais €5.6m lenar cuireadh 60 tionscadal i gcrích i bPort Láirge.

Cuireadh sé thionscadal i gcrích in 2023, le hinfheistíocht iomlán €1.175m. Ba iad láithreáin na dtionscadal Tuar an Fhíona, Dún Mór, An Baile Dubh Uachtarach, An Baile Nua agus Tulach an Iarainn; bhain na tionscadail le hoibreacha sa ríocht phoiblí, saoráidí cianoibre/cruinnithe a chruthú i gceantair thuaithe, láithreán a fháil agus athghiniúint foirgneamh. Tá sé thionscadal ar bun faoi láthair, le hinfheistíocht iomlán €694K.

- An Pasáiste
- Trá Mhór
- Dún Aill
- Cluain Aodha Íochtarach
- Ceapach Choinn

In 2023, cuireadh cúig iarratas, dar luach infheistíochta €1.4m, faoi bhráid na Roinne lena mbreithniú:

- An Chill
- Lios Mór
- Léim Uí Bhriain
- Coill Mhic Thomáisín
- Cnoc an Óir

Tá de shainchúram ar an roinn um Fhorbairt Eacnamaíoch Thuaithe saoráidí um chaitheamh aimsire lasmuigh a fhorbairt agus a chur chun cinn, go háirithe conairí siúlóide agus rothaíochta i bPort Láirge. 'Glacadh le hAllamuigh na hÉireann – Straitéis Náisiúnta Áineasa Allamuigh 2023 – 2027' a thugann treoir d'fhorbairt áineasa allamuigh ar an leibhéal náisiúnta. Ag deireadh 2023 thug CCCPL agus Comhpháirtíocht Leader Phort Láirge tacaíocht do Chomhpháirtíocht Spóirt Phort Láirge chun iarratas ar éirigh leis chur faoi bhráid na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail Port Láirge, maidir le bheith ar cheann de shé chontae a gheobhaidh maoiniú chun Oifigeach Áineasa Allamuigh a cheapadh chun Straitéis Áineasa Allamuigh Contae a ullmhú. Beidh dréachtú na straitéise sin ag croílár obair na roinne in 2024.

Tá CCCPL fós ag obair le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear Bonneagar Iompair Éireann agus Údarás Áitiúla máguaird ar staidéir fhéidearthachta maidir le Rianta Glasa. Táimid fós ag obair le ranna eile i CCCPL freisin chun Rian Glas na nDéise, Port Láirge, a bhfuil duaiseanna buaite aige, a chothabháil agus a fhorbairt. Tacaíonn baill foirne um Forbairt Eacnamaíoch Thuaithe le hobair phobail áitiúla agus grúpaí forbartha conairí ar fud Phort Láirge chun monatóireacht a dhéanamh ar an líon conairí áineasa ar fud Phort Láirge, atá ag dul i méid an t-am ar fad, agus chun iad a bhainistiú agus a chur chun cinn.

## 2.3 Cultúr fáis a chothú

Is é cuspóir Phlean Chorpáraidigh na Comhairle ná go mbeidh plean comhtháite ann d'fhorbairt inbhuanaithe réigiún Phort Láirge amach anseo, go ndéanfar forbairt ar an Limistéar Cathrach i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara agus go gcinnteoidh gníomhaireachtaí stáit go bhfeabhsófar agus go dtacófar le ról sainaitheanta na Cathrach mar an bpríomhlimistéar uirbeach i réigiún an Oirdheiscirt.

Aithníonn an Chomhairle gurb é an toradh ar Phort Láirge a bheith láidir ná go bhforbrófar réigiún an Oirdheiscirt, rud a fheabhsóidh fás eacnamaíoch agus a chruthóidh deiseanna fostaíochta breisluacha.

Chun tacú leis na cuspóirí sin, is é an aidhm atá againn tacú le fás inbhuanaithe ar an daonra ar fud an chontae trí ordlathas lonnaithe soiléir a shainaitheint chun tacú le beartas pleanála Náisiúnta agus Réigiúnach, chun spriocanna don soláthar tithíochta mar a leagtar amach in Atógáil na hÉireann a bhaint amach agus a shárú, más féidir, agus chun tacú le tionscnaimh um fhiontar glas a chuidíonn leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin.

### Leabharlanna Phort Láirge

D'oibrigh Leabharlanna Phort Láirge leis an bhFoghrúpa um Meabhairshláinte Daoine Óga de chuid Choiste Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga Phort Láirge agus le Seirbhísí Síceolaíochta Leanaí i bPort Láirge faoi Chúram Príomhúil FSS, chun leabhrán bibliteiripe dar teideal 'The Way Forward' a fhoilsiú. Tugtar liosta sa leabhrán de theidil leabhar leabharlainne a chuireann folláine chun cinn i measc leanaí agus daoine óga. Seoladh é i mí an Mheithimh in éineacht le póstaer nua Conairí Atreoraithe Phort Láirge maidir le seirbhísí meabhairshláinte agus tacaíochta do leanaí agus daoine óga, i gcomhpháirtíocht le Oifig Réigiúnach Acmhainní FSS um Féinmharú a Chosc agus Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CYPSC) Phort Láirge.

In 2023, d'oibrigh Leabharlanna Phort Láirge dhá láthair faoin tionscnamh 'Mo Leabharlann ar Oscailt', i nDún Garbhán agus Lios Mór. Tugadh obair chun críche i dTrá Mhór ar athchóiriú fairsing le rochtain iomlán nua, uasghrádú ar insliú, feabhsúcháin fuinnimh, seomra nua cruinnithe agus imeachtaí, agus leagan amach inmheánach nua chun úsáid níos fearr a bhaint as an spás. Osclófar Trá Mhór mar láthair Mo Leabharlann ar Oscailt go luath in 2024.

Bhain na 12 Leabharlann go léir stádas Aoisbhá amach in 2023. Glactar cur chuige iomlánaíoch ar

sholáthar seirbhísí lenár gclár Aoisbhá. Déanaimid iarracht leanúnach chun acmhainní a sholáthar san áit a dteastaíonn siad, ó thoscán oiriúnach sna brainsí go dtí imeachtaí, comhpháirtíochtaí agus clárú.

Cuireadh tús le Scríbhneoirí ag Leabharlanna Phort Láirge mar thionscadal piolótach in 2023. Agus úsáid á baint as brainsí Leabharlainne mar ionaid le haghaidh chlár a mhair bliain, chuireamar eispéiris idirghníomhacha agus chruthaitheacha ar fáil le scríbhneoirí spéisiúla den scoth as Éirinn agus thar lear. Thug deichniúir údar cuairt ar na brainsí chun comhráite tarraingteacha agus suimiúla a dhéanamh le léitheoirí Chathair agus Contae Phort Láirge, ina measc Kevin Barry, Claire Keegan agus Megan Nolan.

Bliain ghnóthach eile do Staidéir Áitiúla i Leabharlanna Phort Láirge a bhí in 2023. Reáchtáladh imeachtaí, cainteanna agus ceardlanna éagsúla ar feadh na bliana i láithreacha éagsúla.

### Forbairt Turasoíreachta, Fiontair & Eacnamaíoch

I mí Feabhra, seoladh conair nua scéalaíochta digití a bhí comhdhéanta de réaltacht fhíorúil agus fuaim i gCathair Phort Láirge. Tugann sí deis do chuirteoirí chun éisteacht le scéalta mealltacha i stair shaibhir Phort Láirge ag 15 shuíomh éagsúla ar fud lár na chathrach, agus úsáid á baint as a bhfón cliste.

Tar éis infheistíocht €7milliún a fháil, an infheistíocht aonair ba mhó riamh i dtionscadal turasoíreachta i bPort Láirge, athfhorbraíodh Gairdíní Bhruachaille agus athosclaíodh iad i mí an Mhárta 2023. Thug 72,000 cuairteoir cuairt ar na gairdíní tar éis táille a íoc, agus thug 85,000 duine breise cuairt ar an gcaifé Stables Café agus ar an siopa Secret Garden.

I mí Aibreáin, thaisteal toscaireacht ó Phort Láirge go dtí Märkischer Kreis sa Ghearmáin, faoi stiúir Mhéara Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, An Comhairleoir John O'Leary, áit ar tionóladh searmanas nascadh bailte chun an caidreamh idir an dá réigiún a dhaingniú. Thug toscaireacht ó Märkischer Kreis cuairt ar Phort Láirge i mí Dheireadh Fómhair.

Osclaíodh an síneadh ar Rian Glas na nDéise go dtí Lár na Cathrach go hoifigiúil i mí an Mheithimh. Fuair an síneadh maoiniú €12.5 milliún ón Údarás Náisiúnta Iompair agus Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge a bhainistigh agus a chríochnaigh é. Tugann an síneadh deis do mhuintir na háite agus do chuirteoirí turas ar feadh Rian Glas na nDéise a thosú nó a chríochnú i Lár na Cathrach.



Bhí Port Láirge mar ábhar in dhá chlár teilifíse náisiúnta i mbliana; Rian Glas na nDéise agus bhí na táirgeoirí bia as cuimse ar feadh na conaire ó Dhún Garbhán go dtí Cathair Phort Láirge mar chuid de shraith Neven Maguire ar RTÉ, 'Neven's Irish Greenways'. Taifeadh an tsraith nua Grá ar an Trá, a craoladh ar Virgin Media, i mBaile na Coille agus ar fud chontae Phort Láirge.

Ag gradaim na heagraíochta gnó Chambers Ireland dar teideal Sármhaitheas sa Rialtas Áitiúil, bhuaigh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge dhá chatagóir le Músaem Ama na hÉireann agus Músaem Airgid na hÉireann, agus Gairdíní Bhruachaille. Tháinig na músaeim sa chéad áit sa chatagóir Oidhreacht agus Timpeallacht Thógtha agus tháinig Gairdíní Bhruachaille sa chéad áit sa chatagóir 'ag tacú le turasóireacht', a bhí urraithe ag Fáilte Ireland.

An eagraíocht Visit Waterford atá freagrach as Margaíocht a dhéanamh ar Phort Láirge agus é a Chur Chun Cinn mar cheann scríbe turasóireachta do chuartheoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Seoladh feachtas de chuid Visit Waterford dar teideal Take a Hike, i mí Aibreáin 2023, inar léiríodh na himeachtaí iomadúla siúlóireachta agus siúil atá le fáil ar fud Chathair agus Chontae Phort Láirge. Reáchtáladh an feachtas ar an scáileán, sa phreas, ar an raidió agus ar chainéil shóisialta agus dhigiteacha.

Bhí bliain thar a bheith gnóthach agus rathúil ag Músaem na Seod Phort Láirge in 2023, agus osclaíodh an séú músaem dá chuid – Músaem Tórraimh na hÉireann – agus cuireadh fáilte roimh 104,000 cuairteoir a d'íoc táille, an líon is mó riamh.

Lá speisialta a bhí ann an 16 Meitheamh 2023 nuair a tugadh deis do gach duine i bPort Láirge ceiliúradh a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta againn chun oidhreacht Phort Láirge a chosaint agus a chur ar fáil do chách, nuair a d'oscail Darragh O'Brien TD, an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Músaem Tórraimh na hÉireann sna foirgnimh athchóirithe ag 3, 4 & 5 Cearnóg na hArdeaglaise. Teach Déirce a bhíodh sna foirgnimh bheaga sin, a raibh daoine ag cónaí iontu go dtí na 1990idí, a bhunaigh Déan na hArdeaglaise agus an Méara, James Rice, i 1478.

Buaicphointe eile ab ea an taispeántas 'First Peoples in Waterford' atá i Halla na Cathrach anois, i gcomhpháirtíocht le SETU agus muintir McDonagh, ina dtaispeántar na huirlisí a d'aimsigh Noel McDonagh agus uirlisí cloiche eile atá ar iarracht le caoinchead ó Ard-Mhúsaem na hÉireann.

Bronnadh an Brat Corcra, a bhfuil an-tóir air, ar Phort Láirge, creidiúnú arb ionann é agus an

caighdeán is airde maidir le geilleagar an tráthnóna agus na hoíche a bhainistiú. Leis sin, tugadh aitheantas do ghealltanas Phort Láirge chun geilleagar bríomhar, slán agus beomhar a chruthú sa tráthnóna agus san oíche. Tá próiseas creidiúnúcháin an Bhrait Chorcra cosúil le Gradam an Bhrait Ghlais a bhronntar ar pháirceanna agus an Bhrait Ghoirm a bhronntar ar thránna.

Leis an ngradam sin a bhfuil ardmheas air, léirítear cumasc Phort Láirge de shiamsaíocht, bialanna agus cultúr, fad a chinntítear sábháilteacht agus folláine cónaitheoirí agus cuairteoirí i ngeilleagar an tráthnóna agus na hoíche, ó 5pm go dtí 5am.

Ina theannta sin, bhí ról ríthábhachtach ag foireann Oifig Fiontair Áitiúil (LEO) Phort Láirge maidir le cabhrú le gnólachtaí aistriú go dtí trádáil ar líne le linn na bliana. Lean siad orthu ag soláthar acmhainní luachmhara ar líne freisin, ar an teilefón agus ar an láthair.



Músaem Tórraimh na hÉireann

## An Saol Cultúrtha

Is áit ghníomhach agus bheomhar í Ceathrú Cultúir Phort Láirge i gceantar Shráid Uí Chonaill i gCathair Phort Láirge i gcónaí – reáchtáladh Margadh Ceardaíochta na Ceathrú Cultúir gach deireadh seachtaine ó Bhealtaine go dtí Deireadh Fómhair agus ar an deireadh seachtaine le linn thréimhse na féile Winterval. Is iomaí seastán a bhí sa mhar-gadh agus bhí neart gníomhaíochta féile ann freisin, chomh maith le imeachtaí Cathracha Gníomhacha agus Micreafón Oscailte. Buaicphointe sa bhliain ab ea oscailt Phlás na Ceathrú Cultúir, Mol Cultúir agus Pobail, i mí Dheireadh Fómhair. Is iad Seirbhísí Lánpháirtíochta Phort Láirge an príomh-thionón-ta san fhoirgneamh ilchuspóra, agus cuireann siad ranganna agus faisnéis ar fáil do na pobail éagsú-la i bPort Láirge, chomh maith le pleanáil d'úsáid sholúbtha an spáis le haghaidh forbairt phobail.

Bhí clár gnóthach gníomhaíochta ag Port Láirge Ildánach, ina measc seoladh na Straitéise Cultúir agus Cruthaitheachta 2023-2027, Glao Oscailte do na Pobail Cruthaitheacha, go leor tionscadal údarás áitiúil agus tionscadail eile, cuir i gcás Cruthaitheacht sa tSean-Aois. Rinneadh iarratas ar éirigh leis ar Chiste Éire Ildánach um Oileán Comhroinnte, agus leis sin, treisítear caidrimh reatha na Comhairle le Comhairle Buirge Aontroma Láir agus Thoir, agus tá roinnt tionscadal pobal le cur i bhfeidhm. Seoladh an dara babhta de ACT Phort Láirge, tionscadal maidir le Gníomhaíocht Chruthaitheach ar son na hAeráide, arna mhaoiniú ag Éire Ildánach, faoinar oibrigh lucht na cruthaitheachta agus na n-ealaíon le pobail ar chúig théama chomhshaoil. Líonadh an post nua Oifigeach Rannpháirtíochta le Pobail Chruthaitheacha, rud a threiseoidh naisc agus comhpháirtíochtaí le pobail.

Bhí bliain ghnóthach ag an tSeirbhís Ealaíon in 2023. Thug an Chomhairle tacaíocht do raon fairsing féilte agus imeachtaí trí dheontais do Chleachtóirí na nEalaíon, Lárionaid agus Féilte. Ina theannta sin, tugadh tacaíocht d'ealaíontóirí trí scéimeanna éagsúla sparánachtaí agus trí oibriú ar chlár ealaíon. Buaicphointe ab ea rolladh amach na n-imeachtaí de chuid Dheireadh Seachtaine Scríbhneoirí Phort Láirge i gCathair Phort Láirge agus i nDún Garbhán, na himeachtaí spésiúla le linn mhíonna an tsamhraidh mar chuid de An Samhraidh sa Chathair agus an chéad Fhéile Ghrianstad i bPort Láirge Thiar.

Reáchtáladh trí thaispeántas i nGailearaí Ealaíne Phort Láirge - Portraits: People and Place, A Survey of the Landscapes agus Arnold & Hilda: The life and works of Arnold Marsh and Hilda Roberts. Bhí clár fairsing for-rochtana i gceist leis ina raibh cainteana le Marie Bourke, Annie Shaw, agus tionscnaimh chomhoibríochta le Lána Gairtér, SETU agus Studio Array. Taispeánadh Gailearaí Ealaíne Phort Láirge ar chlár speisialta RTÉ faoi Oíche Chultúir agus bhí gné-aill faoi sna hirísí Irish Arts Review agus Irish History.



Ceolchoirm de chuid Washed Out i nDún Garbhán

Bunaíodh comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí agus comhghleacaithe ealaíon sa réigiún, as a d'eascair comhthionscadal, cuir i gcás an comharghrúpa Mór Artists le Comhairle Contae Chorcaí. Tá fás ag teacht i gcónaí ar an gcomhpháirtíocht ArtLinks le Comhairlí Contae Cheatharlach, Chill Chainnigh agus Loch Garman. Bunaíodh Art at the Kitchen Table le hiontaobhas Phort Láirge, Healing Arts Trust (ar a dtugtar Réalta anois), agus rinneadh rannpháirtíocht lenár gcomhghleacaithe in ionaid ealaíon. Rinneadh comhpháirtíochtaí le SETU agus Lána Gairtér a bhí ann in 2023 a athnuachan le haghaidh 2024.

Ar bhonn náisiúnta, d'oibríomar i gcomhar le heagraíochtaí náisiúnta acmhainní chun Lá Filíochta na hÉireann, Bealtaine agus Cruthaitheacht sa tSean-Aois a cheiliúradh, agus d'fhreastail na sluaite ar Oíche Chultúir. Choimisiúnaigh an tSeirbhís Ealaíon, i gcomhar leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán, ardán mór soghluaiste le soilse agus trealamh fuaime.

Lean Music Generation Phort Láirge ar aghaidh ag soláthar ceoil do dhaoine óga ar feadh raon seánraí ceoil. Chuireamar tionscadail shonracha ar bun sna foirmeacha ealaíne scannánaíocht, damhsa, físealíonta, litríocht, ealaíon na ndaoine óga agus oideachas ealaíon agus ceoil.

## 2.4 Daoine agus Pobail

Beidh Port Láirge ina áit ina gcuimseofar gach duine mar rannpháirtí gníomhach i saol cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíoch ár bpobail.

Beidh Port Láirge ina áit atá comhdhéanta de phobail athléimneacha. An obair atá le déanamh againn i bpobail uirbeacha agus thuaithe ná ceangail a threisiú, agus saoraidí agus caighdeán beatha a fheabhsú. Oibreimid i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí agus le pobail chun tús áite a thabhairt do thionscnaimh a mbíonn tionchar dearfach acu ar shláinte agus folláine gach duine.

### Pobal

Bliain rathúil agus thorthúil a bhí in 2023 don Fhorbairt Phobail. Ullmhaíodh an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2023 - 2029 agus seoladh é an 14 Nollaig 2023.

Tar éis rannpháirtíochta fairsing agus ghníomhach le páirtithe leasmhara, leagadh amach san LECP cuspóirí comhaontaithe agus na gníomhartha is gá chun forbairt eacnamaíoch agus phobail Phort Láirge a chur chun cinn agus tacú leo thar

thréimhse sé bliana. Sa ghné den LECP faoin bPobal, tugtar achoimre ar 4 sprioc ardleibhéal faoi inchónaitheacht agus caighdeán an bheatha, sláinte agus folláine, ionchuimsiú agus inrochtaineacht, agus athléimneacht agus inbhuanaitheacht.

Tháinig fás mór ar Phort Láirge Sláintiúil anuraidh le roinnt tionscnamh rathúil agus sáraíodh na spriocanna a leag an Roinn Sláinte amach do 2023. Táthar ag leanúint leis an obair ar an bpróiseas chun cathair chreidiúnaithe a dhéanamh de Phort Láirge faoi chlár na hEagraíochta Domhanda Sláinte, Cathracha agus Contaetha Sláintiúla. Ceann de na príomhthionscnaimh chomhoibríocha de chuid Port Láirge Sláintiúil do 2023 ab ea rolladh amach an tionscnaimh 'Sráideanna Spraoi' in os cionn 18 ionad.

In 2023, rinneadh dul chun cinn ar an tionscadal píolótach an Chomhpháirtíocht um Shábháilteacht Pobail agus d'éirigh leis maoiniú a fháil faoin gCiste Ciste Nuálaíochta um Shábháilteacht Pobail agus faoin gCiste Miondeontas um Shábháilteacht Pobail. Chuir an Chomhpháirtíocht ceithre thionscadal nuálaíochta um shábháilteacht pobail i bhfeidhm i rith 2023 – Plean Gníomhaíochta Pobail na mBruachbhailte Thiar Thuaidh; Clár Oideachais Gairneoireachta Pobail Dhún Garbhán; an Tionscadal faoin Tábhacht le Toiliú; agus an Tionscadal um Maoir Shábháilteachta Lár na Cathrach – chomh maith le bheith i gceannas ar thionscnaimh chomhoibríocha faoi Iompraíocht Fhrithshóisialta, Sábháilteacht Oíche Shamhna, an tionscadal Rannpháirtíocht na hÓige Phort Láich, Seachtain um Shábháilteacht ar na Bóithre, Feasacht faoi Dhruaí, an tionscnamh um Chosc agus Tacaíocht, Sábháilteacht i Lár na Cathrach agus tionscadail an Bhrait Chorcra, i measc tionscnamh eile, agus tacú leo.

I mí an Mhárta, sheol an tAire Dlí agus Cirt, Simon Harris TD, Plean Sábháilteachta Pobail Phort Láirge 2023 – 2028 ina leagtar amach cuspóirí agus gníomhartha don Chomhpháirtíocht agus do phríomh-chomhpháirtithe atá le cur i bhfeidhm le linn shaolré an Phlean. Is tionscnamh nua Rialtais



Seoladh an Phlean Sábháilteachta Pobail

é an tionscadal píolótach ina mbailítear le chéile seirbhísí reachtúla, an earnáil dheonach agus phobail, comhairleoirí áitiúla agus an pobal chun oibriú i gcomhar lena chéile chun saincheisteanna sábháilteachta a shainaitheint agus freagairt dóibh go straitéiseach ar bhonn áitiúil.

In 2023, rinneadh obair mhór agus comhairliúchán ar Straitéis Chomhaontais Aoisbhá Phort Láirge 2023-2028, a sheol an tAire Mary Butler TD go hoifigiúil. Tríd an straitéis sin a chur i bhfeidhm, cinnteoidh Comhaontas Aoisbhá Phort Láirge go leanfaidh an Chathair agus an Contae ar aghaidh ag glacadh cur chuige aoisbhách ar bheartais, cláir, seirbhísí agus bonneagar a bhaineann leis an timpeallacht shóisialta agus fhisiceach, chun a chur ar a gcumas do dhaoine scothaosta maireachtáil go sábháilte, go folláin agus iad rannpháirteach sa tsochaí ar bhealach fiúntach.

## Tithíocht

Lean rannóg Tithíochta na Comhairle dá cuid oibre in 2023 de mhaoine folmha a shainaitheint agus oibriú le tiarnaí talún ar an Tionscnamh Deisithe & Léasaithe. Bhí an Scéim Ceannaigh Tithíochta Inacmhainne ar fáil chun cabhrú le ceannaitheoirí céaduaire nach féidir leo ceadú morgáiste a fháil le haghaidh teach nua i gcathair Phort Láirge trí chuidiú leo tithe a cheannach ó fhorbróirí ar chomhpháirtithe Chomhairle Phort Láirge iad.

Sheol Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge aonaid tithíochta sóisialta nua faoi Thithíocht do Chách ag áiteanna éagsúla, ina measc Baile Gunnair (37 n-aonad), An Bóthar Glas (5 aonad), 22/23 Sráid Mhuire Dún Garbhán (7 n-aonad), Cuil na Circe, Ceapach Choinn (7 n-aonad), agus Teach Ormonde, Dún Garbhán, Co. Port Láirge (19 n-aonad). Ina theannta sin, dáileadh 44 aonad Cuid V ar fud Phort Láirge, agus tugadh athnuachan ar 8 réadmhaoín thréigthe chun críche. Cuireadh tús le tógáil ar 50 aonad nua ag An Garrán, Cruabhaile Uachtarach, Trá Mhór, agus ar 14 aonad nua ar Bhóthar an Fhuaráin, Cathair Phort Láirge.

Tithíocht eile tugtha chun críche:

- Rinneadh oibreacha uasghrádaithe fuinnimh ar 110 réadmhaoín mar chuid de Chlár Iarfheistithe an Rialtais um Éifeachtúlacht Fuinnimh faoina raibh caiteachas os cionn €3.5 milliún. Áiríodh leis na hoibreacha sin córais teasa nua, doirse agus fuinneoga nua, agus oibreacha aerála agus inslithe. Bhain na réadmhaoine uile sin rátáil Fuinnimh Tógála B2 ar a laghad amach, agus rátáil níos airde in go leor cásanna

- Cuireadh os cionn 110 aonad folamh ar ais sa stoc lena n-athdháileadh
- Cuireadh 71 aonad do dhaoine scothaosta ar fáil trí Theach Naomh Seosamh agus na foirgnimh a bhaineann leis a athchóiriú faoin Scéim Deisithe agus Léasaithe. Tá na haonaid lonnaithe go lárnach, gar do gach áis, tá siad tíosach ar fhuinneamh agus soláthraíonn siad timpeallacht shábháilte agus tionacht shlán do na cónaitheoirí. Ghlacamar cur chuige um choigeartú méide chun na haonaid a dháileadh

Cruthaíodh post an Oifigigh um Rannpháirtíocht le Tionóntaí maidir leis an bhforbairt chun tacaíocht a chur ar fáil do thionóntaí, frontar sóisialta a fhorbairt do cheantar an tséipéil agus chun tairbhí pobail, sláinte agus sóisialta do na daoine a chónaíonn ann a chomhordú. Cuireadh an tionscadal sin ar an ngearrliosta do Ghradam le haghaidh Tithíocht Aoisbhách 2023 faoi Ghradaim Aitheantais agus Gaisce Aoisbhá Éireann.

Leanadh leis an gcur chuige comhpháirtíochta agus comhoibríoch ar easpa dídine in 2023 freisin agus d'oibrigh na gníomhaireachtaí ar fad le chéile agus dhírigh siad ar easpa dídine a chosc, tionóntacht mharthanach agus tacú le daoine aistriú ó bheith gan dídean chuig áit chónaithe. Ghlaoigh 3,392 duine ar Sheirbhísí Comhtháite Phort Láirge do Dhaoine gan Dídean in 2023 agus seirbhís á lorg acu. Rinneadh 913 measúnú foirmiúil ar easpa dídine agus tugadh tacaíocht do 72 theaghlach agus do 165 duine aonair bogadh isteach i gcóiríocht bhuan agus amach as bheith gan dídean.



Eastát Chnocán Liam á oscailt go hoifigiúil

## Seirbhísí do Chustaiméirí/Cumarsáid

Lean Oifig na Gaeilge ar aghaidh ag tacú le seachadadh seirbhísí trí mheán na Gaeilge faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 & 2021 agus faoi reachtaíocht eile, agus faoin Scéim Ghaeilge na Comhairle 2022-2025. Ceapadh Kieran Kehoe, Stiúrthóir Seirbhísí, ina ionadaí ar an ardbhainistíocht chun formhaoirseacht a dhéanamh

ar chomhlíonadh na Comhairle lena hoibleagáidí faoi na hAchtanna. Fuair Oifig an Choimisinéara Teanga gearán amháin ón bpobal i ndáil le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge in 2023. Bhain an gearán le comharthaíocht i mBéarla amháin ar Rian Glas na nDéise agus réitíodh an gearán chun sástacht Oifig an Choimisinéara.

Lean an Chomhairle, trí Oifig na Gaeilge, ag tacú le hobair Chomhlucht Forbartha na nDéise agus Dún Garbhán le Gaeilge, na príomh-eagraíochtaí Pleanála Teanga i nGaeltacht na nDéise agus i nDún Garbhán mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta. Cheadaigh Coiste Logainmneacha na Comhairle logainmneacha le haghaidh aon fhorbairt tithíochta déag sa chathair agus sa chontae.

Buaicphointe d'obair phromóisin Oifig na Gaeilge ab ea taispeántas speisialta den scannán Gaeilge, An Cailín Ciúin, i bpictiúrlann an SGC Cinema, Dún Garbhán. Reáchtáladh an taispeántas sin i rith Sheachtain na Gaeilge i mí an Mhárta chun ainmniúchán an scannáin le haghaidh gradam Oscar a cheiliúradh. D'fhreastail roinnt de na haisteoirí ar an taispeántas. I measc bhuaicphointí eile na bliana bhí nochtadh comhartha speisialta i mBun Machan chun Gaelcholáiste Philip Barron a cheiliúradh, agus ócáid Thionól na nDéise leis an aoichainteoir Éamonn Ó Bróithe le linn Tionól Niocláis Tóibín sa Rinn.

D'fhoilsigh rannóg Córas Faisnéise na Comhairle an Straitéis Dhigiteach 2022-2026 ar aidhm léi cur le haibíocht dhigiteach an chontae trí chomhoibriú le páirtithe leasmhara áitiúla agus náisiúnta. Cuireadh an Clár WiFi4EU i bhfeidhm in 2023 nuair a bunaíodh roinnt criosanna Wi-Fi oscailte i mbailte agus suíomhanna éagsúla. D'aistrigh an Chomhairle chuig Office 365 in 2023, rud atá tairbhíúil do chumarsáid agus d'athléimneacht na hoibre a dhéanaimid.

Lean an rannóg Cumarsáide de líon ard aschur eagarthóireachta a sholáthar in 2023. Scaipeadh os cionn 250 preasráiteas ar na meáin áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, chomh maith le breis agus 150 freagra ar cheisteanna ó na meáin le linn na bliana.

D'éirigh thar cionn le cainéil mheán Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge. Shroich ábhar ar ardáin uile Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ar na meáin shóisialta 8,307,878 duine.

Chonacthas méid cobhsaí tráchta ar an suíomh gréasáin agus taifeadadh 1.32 mhilliún amharc ar phríomh-shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge in 2023.

Ba iad na leathanaigh ba mhó ar tugadh cuairt orthu ná 1) Fiosrúcháin Phleanála Ar Líne, 2) Rogha Tithíochta, 3) Folúntais, 4) Íocaíochtaí Ar Líne agus 5) Faisnéis maidir le Pleanáil.

Seoladh an feachtas Smaoinigh ar Phort Láirge ar dTús ar bhonn náisiúnta agus tarraingíodh aird ar Phort Láirge mar áit fhoirfe fearr le cónaí, oibriú, infheistiú agus gnó a dhéanamh ann.

Reáchtáladh an feachtas ar feadh dhá thréimhse sé seachtaine i nuachtán an Irish Times (gné-ailt speisialta agus ábhar digiteach), mar fheachtas 'taobh amuigh den bhaile' ar bhealaí comaitéireachta a úsáideann a lán daoine i mBaile Átha Cliath agus timpeall air, agus ar an raidió áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.

D'éirigh thar cionn leis an bhfeachtas sóisialta agus digiteach chun feachtas faoin mbranda agus aimsiú an bhranda a mhéadú. D'aimsigh an feachtas 7.2 milliún úsáideoir uathúla agus 1.8 milliún amharc físeáin.

Oibríonn Cartlanna Chathair & Chontae Phort Láirge ar bhonn leanúnach lena chinntiú go gcaomhnófar taifid agus cartlanna Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge agus go mbeidh rochtain orthu, agus chun scéal mhuintir Phort Láirge a dhoiciméadú. Trína Seirbhísí Bainistíochta Taifead, tugann na cartlanna tacaíocht d'obair rannóga na Comhairle chun soláthar seirbhísí agus comhlíonadh le ceanglais dlí a éascú agus cinntítear go ndéantar an soláthar seirbhísí a dhoiciméadú ar bhealach trédhearcach agus inrochtana.

Lean an tSeirbhís Cartlainne agus an tOifigeach Gaeilge a gcuid oibre ar an Tionscadal Logainmneacha Scoileanna agus sheol siad mapa idirghníomhach a thaispeánann na logainmneacha áitiúla a bhailíonn na scoileanna mar chuid den tionscadal i mí Lúnasa i rith Sheachtain na hOidhreachta. Tá an mapa le fáil ar an suíomh gréasáin [www.deiselogainm.ie](http://www.deiselogainm.ie)

Mar chuid den chlár Deich mBlíana na gCuimhneachán, tionóladh comhdháil i mí na Bealtaine chun Stailc Oibríthe Feirme Phort Láirge 1923 i nDún Garbhán a chomóradh. Taifeadadh an ócáid agus tá sí le fáil ar líne ar an suíomh gréasáin [www.waterford1916to1923.com](http://www.waterford1916to1923.com) áit a bhfuil acmhainní agus tionscadaí do Dheich mBlíana na gCuimhneachán i bPort Láirge curtha ar fáil.

Leanadh de chomhaid a sheachadadh chuig baill foirne ar bhonn seachtainiúil le linn 2023 agus eisíodh 1,343 comhad chuig rannóga na Comhairle arna iarraidh sin. Lean rannóga na Comhairle d'ábhar a aistriú chuig an Ionad Taifead agus táthar fós ag obair ar na sonraí sna comhaid a uaslódáil ar chóras bogearraí an Ionaid Taifead. Rinneadh na comhaid a bhí le scríosadh a dhiúscairt go rúnda agus tá obair ar siúl chun comhaid atá le scríosadh a shainnithint agus a chinntiú go ndéanfar iad a dhiúscairt go rúnda agus go slán sábháilte.

Tá Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge ina comhalta den fhoireann athbhreithnithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar an mBeartas Náisiúnta Coinneála do Thaifid Údaráis Áitiúil arna dtáirgeadh ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Rialtais Áitiúil (LGMA).



Bhain An Garrán i dTrá Mhór an dara háit amach ag gradaim Mórtas Áite Uile-Oileáin IPB

## 2.5 Bunsraith Láidir

Leanfaidh Port Láirge ar aghaidh ag forbairt timpeallacht tharraingteach agus rochtain ar ardchaighdeán ar sheirbhísí á cur ar fáil chun ardchaighdeán beatha a chinntiú, rud a mheallfaidh infheistíocht, gníomhaíocht eacnamaíoch, cuairteoirí méadaithe agus lucht saothair oilte agus cumasach.

Ghlac comhaltaí tofa Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge le Plean Forbartha Chathair & Chontae Phort Láirge 2022-2028, ar tháinig éifeacht leis an 19 Iúil 2022. Is é sin an chéad Plean Forbartha aonadach do limistéar feidhme uile Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, agus leagtar amach ann an straitéis maidir le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe don Chathair agus don Chontae le linn thréimhse an phlean, 2022 go 2028.

Chuir an tÚdarás Náisiúnta Iompair maoiniú €11 mhilliún ar fáil do Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge in 2023 le haghaidh 35 tionscadal um Thaisteal Gníomhach ar fud na Cathrach agus an Chontae. I measc na dtionscadal sin bhí cosáin, lánaí rothaíochta deighilte, áiseanna feabhsaithe trasnaithe, páirceáil do rothair agus an Tionscnamh Bealaí Sábháilte chun na Scoile. Díol suntais ab ea cur i gcrích an tionscadail chun Carraig na bhFraochán a nascadh le Lár na Cathrach mar chuid de Rian Glas na nDéise, lenar cuireadh síneadh le Rian Glas na nDéise, a bhfuil an-tóir air, ó charrchlós an Riain Ghlais ag Carraig na bhFraochán isteach go lár Chathair Phort Láirge. D'oscail Méara Chathair agus Chontae Phort Láirge, an Comhairleoir John O'Leary, an tionscadal sin go hoifigiúil an 2 Meitheamh 2023.

Ainmníodh Port Láirge mar an gCathair is Glaine in Éirinn arís i dTábla Frithbhruscair Irish Business Against Litter (IBAL). Rangáíodh an chathair sa 13ú háit as 40 cathair agus baile, agus aicmíodh í mar Chathair Ghlan de réir chaighdeáin Eorpacha. Tá Cathair Phort Láirge ag fáil ardscore fós i dtábla frithbhruscair IBAL. As na 24 láthair a ndearnadh suirbhé orthu, bhain 17 láthair an grád bruscair ab airde amach agus níorbh ann d'aon carnadh bruscair.



Oibreacha feabhsúcháin ag Cearnóg an Iarnróid

Luadh sa tuarascáil nárbh iad cúrsaí bruscair amháin a bhí chun leasa Phort Láirge ach cur i láthair agus cothabháil ghinearálta na láithreacha freisin.

Tionóladh comhairliúchán poiblí faoin Dréacht-Phlean um Gníomhú ar son na hAeráide a foilsíodh in 2023. I measc na mbearta a cuireadh i bhfeidhm trí Fhoireann CCCPL um Gníomhú ar Son na hAeráide bhí:

- Dul chun cinn ar an Tionscadal um Éifeachtúlacht Fuinnimh an tSoilsithe Phoiblí (PLEEP). Tá soisiú poiblí le hais-suiteáil ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar Son na hAeráide agus Comhshaoil faoin gCiste um Gníomhú ar Son na hAeráide. Déanfar tuairim is 16,000 solas a ais-suiteáil ar fud Phort Láirge faoin bpróiseas sin
- Suiteáladh pointí luchtaithe breise d'fheithiclí leictreacha ar fud na Cathrach agus an Chontae
- Uasghráduithe ar Chórais Téimh: baineadh coirí breosla iontaise as na foirgnimh a leanas agus cuireadh suiteálacha teaschaidéil ina n-áit:
  - Leabharlann Thrá Mhór agus Phort Lách, Iosta Dhún Garbhán, Stáisiún Dóiteáin Dhún Garbhán, Clós Shráid Bolton, Foirgneamh an Taistil Gníomhaigh agus Gairdíní Bhruachaille
- Suiteáladh teaschaidéal agus insliú foirgnimh i rith iarfheistiú Amharclann Phlás Barker. Rinneadh bearta chun insliú an fhoirgnimh a fheabhsú freisin
- Chuir CCCPL laghdú 25% ar ídiú a bhaineann le fuinneamh, rud a rannchuidíonn leis an sprioc chun laghdú 50% ar ídiú fuinnimh a bhaint amach faoi 2030
- Suiteáladh tuisoilse atá tíosach ar fhuinneamh ag WRSC, as a lean laghdú 40% ar an gcostas na dtuisoilse leictreacha.



Oscailt oifigiúil an tsínidh ar Rian Glas na nDéise ó Charraig na bhFraochán go dtí Lár na Cathrach

# Grianghraif ó 2023



Seó Bóthair an Phlean um an Athrú Aeráide



Cathaoir Rothaí don Trá á seoladh i dTrá Mhór




Cláir Chumarsáide suiteáilte i bpáirceanna éagsúla



Boscaí Ballóide suiteáilte i dTrá Mhór agus Dún Garbhán



Dúshlán Bruscair na Scoileanna 2023



Tuilsoise suiteáilte sa RSC



Cearclanna um Chabhair Dhigiteach



Seoladh na Straitéise Aoisbhá



BoxUp ag Páirc an Phobail



Lán SS Phort Láirge á nochtadh mar shéadchomhartha



Oibreacha caomhnaithe foirgneamh



Sráideanna Spraoi Phort Láirge Sláintiúil





Shínigh Port Láirge FC & Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge conradh 50-bliain chun an tIonad Spóirt Réigiúnach a úsáid



Briseadh talún don Tionscadal Bonneagair Phoiblí ag na Céanna ó Thuaidh



Cuirt Ambasadóir na hEastóine ar Halla na Cathrach



Seoladh Ghradam Phort Láirge Glas



Filleadh iomaitheoirí Phort Láirge i gCluiche Ceannais Camógaíochta na hÉireann ar an mbaile



Forbairt tithíochta Ghort na hInse



Cuir i láthair na gCéanna ó Thuaidh ag Toys4Engineers



Baile Ceann Scríbe curtha i gcrích go rathúil



Seó Bóthair Check the Register



Feachtas feasachta um Bruscar Guma Coganta



Ócáid Babhtála Éadaí sa Lárleabharlann



Cuairt Feisirí de Pharlaimint na hEorpa



### 3 Aguisíní

# Aguisín 1

## Athbhreithniú Airgeadais 2023

Lean staid airgeadais Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ag dul i bhfeabhas in 2023. Den chéad uair ón gCumasc in 2014, thuairiscigh an t-eintiteas comhdhlúite cúlchiste ginearálta dearfach agus dá bharr sin, tháinig sé as easnamh den chéad uair i ndeich mbliana.

Tháinig méadú 8.5% ar ioncam ó Earraí agus Seirbhísí i gcomparáid le 2022. Gineadh níos mó ioncain ná mar a raibh coinne leis sa réamhaisnéis ar Bhuiséad 2023 le sreabhadh ioncain i réimsí mar shampla Cíosanna, Páirceáil Carranna, Ceadúnais Oscailte Bóithre, Féilte, Ioncam Úis, NPPR, etc.

Bhí éagsúlachtaí ann, idir dearfacha agus diúltacha, sa chuid is mó de na réimsí oibríochtúla mar shampla, an tSeirbhís Dóiteáin, Glanadh Sráideanna, an tSeirbhís Leabharlann, Seirbhísí Cartlainne, Forbairt Eacnamaíoch, Turasoireacht, an Clár Ealaíon, etc., ach ní raibh na héagsúlachtaí sin lasmuigh de na gnáthpharaiméadair.

Bhí réimsí ann ina raibh éagsúlachtaí costais ábhartha, lena n-áirítear Cothabháil Tithíochta, Atógáil Bóithre, aistrithe chuig Caipiteal ar ghá leo chun an clár Caipitil a mhaoiniú, agus ranníocaíocht €1M le Gairdíní Bhruachaille nach raibh sa bhuiséad. Rinneadh na héagsúlachtaí costais ábhartha sin a fhritháireamh le coigilteas fuinnimh os cionn €850K, fuascailtí breise ó sholáthairtí Féichiunaí agus ioncam méadaithe, a raibh barrachas €1.43M don bhliain mar thoradh orthu.

### Bailiúcháin:

Bhí na riaráistí foriomlána thar na dtrí phríomhghrúpa Féichiúnaithe, (Rátaí, Cíosanna & Iasachtaí), sách cobhsaí in 2023. Tháinig laghdú 32% ar riaráistí Rátaí agus laghdú 11% ar riaráistí Iasachtaí in 2023, agus tháinig méadú ar riaráistí Cíosanna, de bharr athbhreithniú mór ar chíosanna a rinneadh i rith 2023.

Is sásúil iad na feabhsúcháin leanúnacha sin ar fheidhmíocht an bhailiúcháin Rátaí agus Iasachtaí, go háirithe i bhfianaise na ndálaí éiginnte a bhí ann ag tús na bliana, agus ós rud é gur tharla na feabhsúcháin sin i ndiaidh fheidhmíocht láidir in 2022. Mar seo a leanas a bhí an fheidhmíocht Bhailiúcháin thar na dtrí shruth ioncain; Rátaí (98%), Iasachtaí (72%) agus Cíosanna (78%)

### Rátaí Tráchtála

Tá rátaí tráchtála iníoctha ar raon éagsúil réadmhaoine tráchtála ar nós monarchana, oifigí, siopaí, óstáin agus bialanna. Cinneann an Oifig Luachála luacháil gach réadmhaoine rátáilte a gcuirtear iolraitheoir ar a dtugtar ARV i bhfeidhm. Socraíonn na comhaltaí tofa an t-iolraitheoir seo go bliantúil le linn phróiseas an bhuiséid. Ba é an ráta a cuireadh i bhfeidhm in 2023 ná €0.2863.

Iarracht mhór leanúnach ón bhfoireann rátaí a chuir próisis nua-fhorbartha agus straitéisí méadaithe bhí taobh thiar den fheabhsú sin.

### Iasachtaí Tithíochta

Leanamar de réitigh inbhuanaithe a thairiscint d'iasachtaithe a bhfuil riaráistí acu agus tá sásraí éagsúla á n-úsáid againn chun iasachtaí neamhthuillmheacha a athstruchtúrú. Cé go measaimid gur fheidhmíocht shásúil í sin, tá coinne leis go dtiocfaidh feabhas mór uirthi in 2024.

### Caipiteal

A bhúil le staid náisiúnta eacnamaíoch níos fearr, le tacaíocht ón Rialtas agus leis an bhfeabhas a tháinig ar ár staid airgeadais le blianta beaga anuas, tá feabhas mór tagtha ar an staid Caipitil. Tháinig méadú €5.7M ar an staid mhaoinithe chapitil in 2023. Tá an staid fheabhsaithe sin rithábhachtach chun ár gclár fairsing Caipitil a mhaoiniú.

### Stiúrthóireacht Airgeadais

Lean an Stiúrthóireacht Airgeadais le maoirseacht agus rialú cuí ar airgeadas na heagraíochta a chur chun cinn trína chinntiú gur choinnigh gach rannóg agus stiúrthóireacht fócas láidir ar bhainistíocht stuama airgeadais agus bailiú/bainistíocht fiachais agus d'oibrigh sí go réamhghníomhach chun córais agus rialuithe a fheabhsú.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

### Introduction

Is mise, Michael Walsh, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, atá freagrach as an Ráiteas Airgeadais Bliantúil a ullmhaíonn an Ceann Airgeadais, i gcomhréir leis an gcód cleachtas cuntasáíochta arna eisiúint ag an Aire faoi Alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

Deimhním go bhfuil ráitis airgeadais Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, ag teacht leis na leabhair chuntais agus gur ullmhaíodh iad i gcomhréir le ceanglais cuntasáíochta an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Tá an Ráiteas Airgeadais Bliantúil faoi réir ag iniúchadh seachtrach le hiniúcháir ón tSeirbhís Iniúcháireachta Rialtais Áitiúil, arb é an cuspóir atá aici ná teacht ar thuairim neamhspleách faoi na cuntais agus a chinneadh cé acu a chuireann nó nach gcuireann an ráiteas airgeadais bliantúil staid airgeadais an údarás áitiúil agus a ioncam agus caiteachas don tréimhse i gceist i láthair ar bhealach cóir, agus cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh na hidirbhearta a bhaineann leis an údarás áitiúil sin.

Tugtar tuairisc sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil ar ghníomhaíochtaí Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ó lá go lár sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas Cuimsitheach, ina dtugtar achoimre ar gach Rannóg. Leagtar amach staid airgeadais fhoriomlán Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge amhail an 31 Nollaig 2023 sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Léirítear caiteachas agus ioncam i ndáil le reáchtáil Chomhairle Cathrach nó Contae Phort Láirge ó lá go lá sa Ráiteas ar Chaiteachas Cuimsitheach.

Is mar seo a leanas na príomh-fhoinsí ioncaim atá ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge:

	Bliain Reatha €	Bliain Reatha €
Earraí & Seirbhísí	€41,154,858	€37,902,534
Deontais & Fóirdheontais	€82,643,823	€69,484,414
Ranníocaíochtaí eile (de réir mar is cuí)	€127,407	€1,121,276
Rátaí	€36,035,961	€34,967,971
Cáin Mhaoine Áitiúil	€19,667,628	€19,668,516

Is mar seo a leanas an ghníomhaíocht ar an gcuntas loncaim agus Caiteachais 2023:

	Bliain Reatha €	Bliain Reatha €
Ioncam	€179,629,676	€163,144,711
Caiteachas	€170,270,160	€151,522,684
Aistrithe chuig Caipiteal	€7,929,332	€10,147,48
Mír Eisceachtúil	€0	€0
Barrachas/(Easnamh) le haghaidh	€1,430,185	€1,444,545
Coigeartú ar an mBliain Roimhe	€0	€0
Cúlchiste Ioncaim Tosaigh	-€1,271,105	-€2,715,650
Cúlchiste Ioncaim Deiridh	€159,080	-€1,271,105

Tugtar léiriú sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) ar ghníomhaíocht airgeadais iomlán na Comhairle don bhliain, in éineacht le figiúirí comparáideacha ó bhlianta eile de réir mar is cuí.

Áirítear sócmhainní agus dlíteanais sa ráiteas mar seo a leanas:

- Sócmhainní a tógadh/ceannaíodh le déanaí agus sócmhainní stairiúla
- Obair idir lámha agus réamhscéimeanna – bóithre agus tithíocht go príomha
- Féichiúnaithe Fadtéarmacha – iasachtaí tithíochta
- Sócmhainní Reatha – lena n-áirítear Stoc, Féichiúnaithe, Airgead sa Bhanc
- Dlíteanais reatha agus fadtéarmacha – iasachtaí morgáiste agus neamh-mhorgáiste
- Cúlchistí/larmhéideanna éagsúla

Is mar seo a leanas na Glansócmhainní a bhí ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ag deireadh 2023; €2,432 mhilliún:

	Bliain Reatha €	Bliain Reatha €
Sócmhainní Seasta	€2,311,074,819	€2,278,230,487
Oibreacha idir Lámha	€153,919,193	€76,600,117
Féichiúnaithe Fadtéarmacha	€83,236,967	€68,377,187
Sócmhainní Reatha	€69,944,576	€115,229,238
Dlíteanais Reatha	€54,663,225	€108,267,464
Glansócmhainní/(Glandlíteanais) Reatha	€15,281,350	€6,961,774
Creidiúnaithe (méideanna níos mó ná 1 bhliain)	€131,032,431	€113,954,518
Glansócmhainní/(Glandlíteanais)	€2,432,476,898	€2,316,215,048

Tugadh isteach Ráiteas ar Shreabhadh Cistí mar chuid den Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2011. Cé gur leanadh an treoraíocht i gCaighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 7, Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, tá an gnó a dhéanann údarais áitiúla difriúil go suntasach ón ngnó a dhéanann formhór na n-eagraíochtaí san earnáil phríobháideach agus dá bharr sin comhaontaíodh roinnt mionathruithe ar an bhformáid lena chinntiú go bhfuil brí leis na sonraí a thaispeántar agus go bhfuil siad áisiúil san earnáil rialtais áitiúil.

### Córas Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

Mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go gcothaíonn agus go bhfeidhmíonn Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge córas éifeachtach rialuithe inmheánacha airgeadais. Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge. Ina theannta sin, ní fhéadfaidh aon chóras rialuithe inmheánacha airgeadais ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán a thabhairt, go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus gcoisctear nó go mbraitear earráidí ná mírialtachtaí go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

### Timpeallacht an Rialaithe Airgeadais

Mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe airgeadais i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal na bainistíochta agus tá cuntasacht chomhfhreagrach i gceist leo
- Tá socrúithe tuairiscithe curtha ar bun ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistiú airgeadais
- Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann a dhéanann athbhreithniú tráthrialta ar an gcóras rialuithe inmheánacha airgeadais mar chuid dá chlár oibre
- Tá nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó go léir doiciméadaithe
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint

## Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta tráthrialta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasáíochta, agus go háirithe:

- gur ann do nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó doiciméadaithe
- gur ann do chórais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- gur ann do chórais chun sócmhainní an údaráis áitiúil a chosaint, agus
- gur ann do threoirínite cuí maidir le rialú infheistíochta caipitil agus go bhfuil córais fhoirmiúla maidir le bainistiú tionscadal i bhfeidhm

## Comhlíonadh maidir le Soláthar

Cinntíonn Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge go ndírítear go cuí agus go leordhóthanach ar dhea-chleachtas maidir le tairiscint agus ceannach, agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh leis na treoirínite soláthair ábhartha go léir a chinntiú.

## Iniúchadh inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta

